Comhairle AE

PRESS GA

**PREASEISIÚINT**
143/17
21/03/2017

# Trédhearcacht fheabhsaithe maidir le conarthaí idirnáisiúnta fuinnimh: breis cinnteachta maidir le slándáil fuinnimh

Ghlac an Chomhairle cinneadh inniu, gan díospóireacht, maidir le sásra malartaithe faisnéise a bhunú i ndáil le **comhaontuithe idir-rialtasacha agus ionstraimí neamhcheangailteacha** idir na Ballstáit agus tríú tíortha **i réimse an fhuinnimh**.

Is é is aidhm don chinneadh, easnaimh sa sásra malartaithe faisnéise maidir le conarthaí fuinnimh, mar atá, a chur ina gceart chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht chaidreamh seachtrach an Aontais i ndáil le fuinneamh a fheabhsú agus chun seasamh caibidlíochta an Aontais a neartú i leith tríú tíortha.

Tar éis trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha ag deireadh 2016, thángthas ar chomhaontú maidir leis na príomh-shaincheisteanna seo a leanas:

- an **sainmhíniú ar chomhaontú idir-rialtasach:** "eagraíochtaí idirnáisiúnta" agus "idirthuras" á gcur leis
- **raon feidhme mheasúnú *ex ante*** an Choimisiúin ar na comhaontuithe idir-rialtasacha: cumhdófar leis gás agus ola, le gnáthchlásal athbhreithnithe
- mura mbeidh na Ballstáit ag teacht leis an tuairim ón gCoimisiún sa mheasúnú *ex ante* uaidh, **ba cheart dóibh a gcuid cúiseanna a mhíniú i scríbhinn**
- **ionstraimí neamhcheangailteacha**: faoi réir fógra *ex post* a thabhairt

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

Tiocfaidh sé i bhfeidhm le linn 2017 agus, mar aon leis an rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis, beidh príomhról ag roinnt leis i gcur chun feidhme ghné slándála straitéis an Aontais Fuinnimh.

> "Tá áthas orainn an gníomh reachtach tábhachtach seo a ghlacadh le linn ár nUachtaránachta, an chéad ghníomh den sórt sin faoin Aontas Fuinnimh. Is mian linn buíochas a ghabháil le hUachtaránacht na Slóvaice as a cuid oibre ullmhúcháin uile agus as an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig sí air le Parlaimint na hEorpa le linn a hUachtaránachta. Leis an gcinneadh sin, cuirfear le trédhearcacht sa chaibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontuithe fuinnimh, agus é á áirithiú go mbeidh comhaontuithe den sórt sin ag teacht go hiomlán le dlí an Aontais, agus ag cuidiú, ar an mbealach sin, leis an tslándáil fuinnimh."
>
> *Konrad Mizzi, Aire Fuinnimh Mhálta*

## Cúlra

Mar chuid den "Phacáiste Geimhridh" a thíolaic sé i mí Feabhra 2016, mhol an Coimisiún go scrúdódh sé comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an fhuinnimh sula síneodh na Ballstáit iad. Rinne sé an argóint go bhfuil sé fíordheacair nó dodhéanta fiú do Bhallstát comhaontú idir-rialtasach a chaibidil le tríú tír an athuair i gcás go bhfaightear nach bhfuil forálacha áirithe de chomhaontú idir-rialtasach ag luí le dlí an Aontais (amhail an Tríú Pacáiste Fuinnimh, dlí na hiomaíochta, rialacha soláthair phoiblí).

Rinneadh na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mhárta 2015, inar iarradh go mbeadh gach comhaontú a bhaineann le gás a cheannach ó sholáthraithe seachtracha go hiomlán i gcomhréir le dlí an Aontais, a chur san áireamh sa togra freisin.

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú ginearálta i mí Mheithimh na bliana 2016 agus tháinig sí ar chomhaontú neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa ar an 7 Nollaig 2016, ar comhaontú é a dhearbhaigh Coreper.

- Cinneadh maidir le comhaontuithe idir-rialtasacha idir Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh
- Togra ón gCoimisiún maidir le comhaontuithe idir-rialtasacha idir Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh
- Cur chuige ginearálta na Comhairle maidir le comhaontuithe idir-rialtasacha idir Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh

- Toradh chruinniú na Comhairle
- Stráitéis an Aontais Fuinnimh
- Cruinniú na Comhairle Eorpaí, an 19-20 Márta, 2015

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press